



2025/1526

30.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1526 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Iúil 2025

lena leagtar amach an liosta d'athróga agus tuairisc orthu agus a sonraíochtaí teicniúla, a n-aicmithe staidrimh agus a spriocanna beachtais maidir leis an topaic 'struchtúr tuillimh' de bhun Rialachán (AE) 2025/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2025 maidir le staidreamh margaidh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 agus (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus go háirithe Airteagal 4(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun cur chun feidhme cruinn bhailiú sonraí na topaice 'struchtúr tuillimh' a áirithiú, tá an Coimisiún le hinneachar agus míreanna teicniúla an tacair sonraí, na coincheapa staidrimh, na spriocanna beachtais agus na formáidí chun faisnéis a tharchur a shonrú.
- (2) Ba cheart staidreamh maidir le haonaid chríche, earnálacha eacnamaíocha, gairmeacha beatha agus leibhéil oideachais a bheith inchomparáide go hidirnáisiúnta, agus dá bhrí sin ba cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais aicmithe staidrimh a úsáid atá comhoiriúnach le haicmithe NUTS ⁽²⁾, NACE ⁽³⁾, ACIG ⁽⁴⁾ agus ISCED ⁽⁵⁾.
- (3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chórais Staidrimh Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Liosta d'athróga agus tuairisc orthu agus a sonraíochtaí teicniúla

1. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I iad a bheidh an liosta d'athróga agus tuairisc orthu, agus a sonraíochtaí teicniúla, a bheidh le tarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) maidir leis an topaic 'struchtúr tuillimh' chomh maith leis na haicmithe staidrimh a bheidh le húsáid.
2. Baileofar tacar teoranta athróg ar aonaid áitiúla ar le fiontair iad a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

⁽¹⁾ IO L, 2025/941, 20.5.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/941/oj>.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj>).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj>).

⁽⁴⁾ Moladh ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2009 maidir leis an Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Gairmeacha a úsáid (ISCO-08) (IO L 292, 10.11.2009, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2009/824/oj>).

⁽⁵⁾ An tAicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas 2011; <http://uis.unesco.org/sites/default/files/documents/international-standard-classification-of-education-isced-2011-en.pdf>.

*Airteagal 2***Spriocanna beachtais**

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a bheidh na spriocanna beachtais le haghaidh suirbhéanna staidrimh.

*Airteagal 3***Formáidí chun faisnéis a tharchur**

1. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) tacair sonraí i bhfoirm leictreonach ina mbeidh micreashonraí, ar micreashonraí iad a mbeidh seiceáil iomlán déanta orthu, a bheidh curtha in eagar agus a chomhlíonfaidh na rialacha maidir le bailíochtú i gcomhréir le sonraíocht na n-athróg dá gcódú a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Déanfar na sonraí athbhreithnithe a tharchur i dtacair sonraí iomlána a chumhdaíonn gach athróg, beag beann ar líon na mbarúlacha athbhreithnithe agus na n-athróg athbhreithnithe.
2. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí a cheanglaítear faoin Rialachán seo a chur ar fáil don Choimisiún (Eurostat) trí úsáid a bhaint as na caighdeáin maidir le malartú sonraí staidrimh arna sonrú ag an gCoimisiún (Eurostat) agus as an bpointe iontrála aonair do shonraí.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

I.A AN LIOSTA D'ATHRÓGA AGUS TUAIRISC ORTHU

Soláthrófar na sonraí aonair a bhaineann le gach aonad áitiúil agus le gach fostaí i bhfoirm dhá thacar sonraí a mbeidh taifid micreashonraí san áireamh iontu:

Tacar sonraí A: Taifid maidir leis na haonaid áitiúla

Tacar sonraí B: Taifid maidir leis na fostaithe

Déanfar taifid na bhfostaithe a nascadh le taifid an aonaid áitiúil de réir eochair nach ndéantar céannacht an ghnó a nochtadh léi. D'fhéadfadh uimhir sheicheamhach nó eochair neamh-shainitheantaís atá ann cheana a bheith i gceist, ar choinníoll go n-úsáidtear an eochair chéanna le haghaidh thaifid an aonaid áitiúil agus na bhfostaithe araon (Eochair_L). Ina theannta sin, chun fostaí a shainaithint go héasca, soláthrófar eochair neamh-shainitheantaís le haghaidh gach fostaí (Eochair_E) nach ndéanann an duine a shainaithint.

Soláthrófar faisnéis iomlán le haghaidh na n-athróg uile maidir le gach taifead micreashonraí ach amháin má tá sé marcáilte 'roghnach'nó 'roghnach le haghaidh aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil idir 1 agus 9 bhfostaí acu'.

Nuair atá faisnéis ar fáil le haghaidh athróg roghnach, b'fhearr sonraí a sholáthar maidir le gach aonad áitiúil nó gach fostaí áitiúil.

Déanfar gach mír le haghaidh na dtaifead i dtacar sonraí A agus B a chomhlánú go hiomlán. Beidh iontrálacha ann le haghaidh gach míre aonair, lena n-áirítear athróa roghnacha, agus ní fhágfar aon iontráil folamh. Úsáidfear na cóid ábhartha le haghaidh 'níl sé ar fáil', féach na cóid mhódúlachta thíos.

Ní úsáidfear luach nialasach '0' ach amháin le haghaidh na n-athróg sin ina bhféadfadh luach nialasach a bheith ann i ndáiríre uaireanta (e.g. nuair nach mbíonn aon ragobair ag fostaí sa mhí thagartha).

I gcás go mbaineann athróa le luachanna airgeadúla (e.g. in aghaidh na huaire, in aghaidh na míosa, tuilleamh bliantúil agus bónaís bhliantúla, cánacha, ranníocaíochtaí slándála sóisialta, íocaíochtaí comhchineáil), sloinnfear iad sin in aonaid d'airgeadra náisiúnta na tíre lena mbaineann.

Tacar sonraí A: Taifid maidir leis na haonaid áitiúla

Topaic mhionsonraithe	Aithean-tóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód nó luach módúlachta	An lipéad módúlachta
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	TÁBLA	Tacar sonraí a shainaithint	A	Faisnéis faoin aonad áitiúil
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	BLIAIN	Bliain thagartha	4 dhigit, uimhriúil	Bliain thagartha
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	EOCH-AIR_L	Eochair a bhaineann le haonad áitiúil ar leith	6 charachtar, alfa-uimhriúil	Eochair a bhaineann le haonad áitiúil ar leith (uimhreacha nó litreacha nó meascán den dá rud)
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	A51	Fachtóir ollardaithe le haghaidh an aonaid áitiúil	Uimhriúil	Ualú an aonaid áitiúil fachtóir ollardaithe don aonad áitiúil (le 2 dhigit de dheachúlacha scartha le ponc)
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	EOCH-AIR_B	Eochair a bhaineann le fiontar ar leith (roghnach)	6 charachtar, alfa-uimhriúil	Eochair a bhaineann le fiontar ar leith (uimhreacha nó litreacha nó meascán den dá rud)
			OPT	Níl sé ar fáil

Topaic mhionsonraithe	Aithean-tóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód nó luach módúlachta	An lipéad módúlachta
Saintréithe an fhostóra	A11	Suíomh geografach an aonaid áitiúil (NUTS-1)	3 charachtar, alfa-uimhriúil	Réigiúin NUTS 1
Saintréithe an fhostóra	A12	Méid an fhiontair lena mbaineann an t-aonad áitiúil	E1_9	1 go 9
			E10_49	10 go 49
			E50_249	50 go 249
			E250_499	250 go 499
			E500_999	500 go 999
			E1000	1 000 fostaí nó níos mó
Saintréithe an fhostóra	A13	Príomhghníomhaíocht eacnamaíoch an aonaid áitiúil	3 charachtar, alfa-uimhriúil	Gníomhaíocht eacnamaíoch Códaithe ag leibhéal 2 dhigit/de réir rannáin NACE agus carachtar roimhe
Saintréithe an fhostóra	A14	Cineál rialaithe eacnamaíoch agus airgeadais ar an bhfiontar lena mbaineann an t-aonad áitiúil	A	Rialú poiblí
			B	Rialú príobháideach
Saintréithe an fhostóra	A15	Comhaontú comhchoiteann pá	A	Comhaontú ar an leibhéal náisiúnta nó idir-chónaidhmeach
			B	Comhaontú tionscail
			C	Comhaontú le haghaidh tionscail aonair i réigiúin aonair
			D	Comhaontú fiontair nó fostóra aonair
			E	Comhaontú nach bhfuil feidhm aige ach amháin maidir le fostaíthe in aonad áitiúil amháin
			F	Aon chineál eile comhaontaithe
			N	Gan aon chomhaontú comhchoiteann pá
Saintréithe an fhostóra	A16	An líon iomlán fostaíthe san aonad áitiúil sa mhí thagartha (<i>roghnach</i>)	1-9999999	An líon fostaíthe
			- 1	Níl sé ar fáil
Saintréithe an fhostóra	A17	Cleamhnacht an aonaid áitiúil le grúpa fiontar (<i>roghnach</i>)	T	Tá
			N	Níl
			OPT	Níl sé ar fáil

Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód nó luach módúlachta	An lipéad módúlachta
Saintréithe an fhostóra	A18	Earnáil institiúideach an fhiontair (<i>roghnach i gcás aonaid áitiúla ar le fiontar iad a bhfuil idir 1 agus 9 bhfostaí acu</i>)	S11	Corparáidí neamhairgeadais
			S12	Corparáidí airgeadais
			S13	Rialtas ginearálta
			S15	Institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh
			OPT	Níl sé ar fáil

Tacar sonraí B: Taifid maidir leis na fostaíthe

Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód nó luach módúlachta	An lipéad módúlachta
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	TÁBLA	tacar sonraí a shainaithint	B	Faisnéis faoin bhfostaí aonair
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	BLIAIN	Bliain thagartha	4 dhigit, uimhriúil	Bliain thagartha
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	EOCH-AIR_E	Eochair a bhaineann le fostaí ar leith	6 charachtar, alfa-uimhriúil	Eochair a bhaineann le fostaí ar leith (uimhreacha nó litreacha nó meascán den dá rud)
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	B52	Fachtóir ollardaithe le haghaidh an fhostaí	Uimhriúil	Ualú an fhostaí: fachtóir ollardaithe le haghaidh an fhostaí (le 2 dhigit de dheachúlacha scartha le ponc)
Míreanna teicniúla an tsuirbhé	EOCH-AIR_L	Eochair a bhaineann leis an aonad áitiúil lena mbaineann an fostaí	6 charachtar, alfa-uimhriúil	Eochair a bhaineann leis an aonad áitiúil lena mbaineann an fostaí (uimhreacha nó litreacha nó meascán den dá rud)
Saintréithe an fhostaí	B21	Gnéas	B	Baineann
			F	Fireann
Saintréithe an fhostaí	B22	Bliain bhreithe	4 dhigit, uimhriúil	Bliain bhreithe

Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód nó luach módúlachta	An lipéad módúlachta
Saintréithe an fhostaí	B23	Gairm sa mhí thagartha	3 charachtar (2 charachtar le haghaidh aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu), alfa-uimhriúil	Gairm Códaithe ar leibhéal 3-dhigit/ mionghrúpaí ACIG agus dhá charachtar roimhe (Códaithe ar leibhéal 2-dhigit/ fo-mhórghrúpaí ACIG le haghaidh aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu)
Saintréithe an fhostaí	B24	Post bainistíochta/ maoirseachta (roghnach)	T	Tá (tá feidhm bhainistíochta de chineál éigin ag an bhfostaí)
			N	Níl
			OPT	Níl sé ar fáil
Saintréithe an fhostaí	B25	Gnóthachtáil oideachais	G1	Leibhéal íseal oideachais (Gan aon oideachas foirmiúil nó faoi bhun ISCED 1, ISCED 1 Bunoideachas, ISCED 2 Oideachas meánscoile sóisearach)
			G2	Meánoideachas (ISCED 3 Oideachas meánscoile sinsearach, ISCED 4 Oideachas iar-mheánscoile neamhthreasach)
			G3	Oideachas treasach – suas le 4 bliana (ISCED 5 Oideachas treasach i dtimthriall gearr ISCED 6 Céim bhaitsiléara nó leibhéal coibhéiseach)
			G4	Oideachas treasach – breis agus 4 bliana (ISCED 7 Máistreacht nó leibhéal coibhéiseach, ISCED 8 Dochtúireacht nó leibhéal coibhéiseach)
Saintréithe an fhostaí	B26	Fad seirbhíse san fhiontar (roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu)	0-60	Fad seirbhíse san fhiontar (i mblianta)
			- 1	Níl sé ar fáil
Saintréithe an fhostaí	B27	Am oibre conarthach (lánaimseartha nó páirtaimseartha)	LA	Fostaí lánaimseartha
			PA	Fostaí páirtaimseartha

Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód nó luach módúlachta	An lipéad módúlachta
Saintréithe an fhostaí	B271	Sciar de ghnáthuaireanta fostaí lánaimseartha	0,01-100,00	% sciar de ghnáthuaireanta fostaí lánaimseartha (le 2 dhigit de dheachúlacha scartha le ponc)
Saintréithe an fhostaí	B28	Cineál conartha fostaíochta	A	Conradh tréimhse éiginnte/ buan
			B	Conradh ar théarma seasta (seachas printísigh, lena n-áirítear oiliúnaithe agus intéirnigh íoctha)
			C	Printíseach
Saintréithe an fhostaí	B29	Saoránacht agus cónaí (roghnach)	A	Cónaitheoir ag a bhfuil saoránacht náisiúnta
			B	Cónaitheoir ag a bhfuil saoránacht eachtrach
			C	Neamhchónaitheach (comaitéir ó thír eile) ag a bhfuil saoránacht náisiúnta
			D	Neamhchónaitheach (comaitéir ó thír eile) ag a bhfuil saoránacht eachtrach
			OPT	Níl sé ar fáil
Tréimhsí oibre	B31	An líon seachtainí sa bhliain tagartha lena mbaineann an t-olltuilleamh bliantúil	0.01-53.00	An líon seachtainí sa bhliain tagartha lena mbaineann an t-olltuilleamh bliantúil (le 2 dhigit de dheachúlacha scartha le ponc)
Tréimhsí oibre	B32	An líon uaireanta an chloig a íocadh le linn na míosa tagartha	1-744	An líon uaireanta an chloig a íocadh le linn na míosa tagartha
Tréimhsí oibre	B321	An líon na uaireanta an chloig ragoibre a íocadh sa mhí tagartha (roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil idir 1 agus 9 bhfostaí acu)	0-744	An líon uaireanta an chloig ragoibre a íocadh sa mhí thagartha
			- 1	Níl sé ar fáil
Tréimhsí oibre	B322	Sceideal pá (roghnach)	U	In aghaidh na huaire
			L	Go laethúil
			S	Go seachtainiúil
			M	Go míosúil
			E	Eile
			OPT	Níl sé ar fáil

Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód nó luach módúlachta	An lipéad módúlachta
Tréimhsí oibre	B33	An líon laethanta de shaoire bhliantúil in aghaidh na bliana (<i>roghnach</i>)	0-366	An líon laethanta de shaoire bhliantúil in aghaidh na bliana (i laethanta iomlána)
			- 1	Níl sé ar fáil
Tréimhsí oibre	B34	An líon laethanta eile de neamhláithreacht íoctha in aghaidh na bliana (<i>roghnach</i>)	0-366	An líon laethanta eile de neamhláithreacht íoctha in aghaidh na bliana
			- 1	Níl sé ar fáil
Tuilleamh	B41	Olltuilleamh bliantúil sa bhliain tagartha	1-99999999	Olltuilleamh bliantúil sa bhliain tagartha
Tuilleamh	B411	Bónais agus liúntais bhliantúla nach n-íoctar ag gach tréimhse phá (<i>roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu</i>)	0-99999999	Bónais agus liúntais bhliantúla nach n-íoctar ag gach tréimhse phá
			- 1	Níl sé ar fáil
Tuilleamh	B412	Íocaíochtaí bliantúla comhchineáil (<i>roghnach</i>)	0-99999999	Íocaíochtaí bliantúla comhchineáil
			- 1	Níl sé ar fáil
Tuilleamh	B42	Olltuilleamh sa mhí thagartha	1-99999999	Olltuilleamh sa mhí thagartha
Tuilleamh	B421	Tuilleamh a bhaineann le ragobair (<i>roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil idir 1 agus 9 bhfostaí acu</i>)	0-99999999	Tuilleamh a bhaineann le ragobair
			- 1	Níl sé ar fáil
Tuilleamh	B422	Íocaíochtaí speisialta as sealobair (<i>roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu</i>)	0-99999999	Íocaíochtaí speisialta as sealobair
			- 1	Níl sé ar fáil
Tuilleamh	B423	Ranníocaíochtaí slándála sóisialta éigeantacha agus cánacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí (<i>roghnach</i>)	0-99999999	Ranníocaíochtaí slándála sóisialta éigeantacha agus cánacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí
			- 1	Níl sé ar fáil
Tuilleamh	B4231	Ranníocaíochtaí slándála sóisialta éigeantacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí (<i>roghnach</i>)	0-99999999	Ranníocaíochtaí slándála sóisialta éigeantacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí
			- 1	Níl sé ar fáil
Tuilleamh	B4232	Cánacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí (<i>roghnach</i>)	0-99999999	Cánacha
			- 1	Níl sé ar fáil

Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige	Cód nó luach módúlachta	An lipéad módúlachta
Tuilleamh	B43	Meán-olltuilleamh in aghaidh na huaire sa mhí thagartha	0.01-999999.99	Meán-olltuilleamh in aghaidh na huaire sa mhí thagartha (le 2 dhigit dheachúlacha scartha le ponc)

I.B SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA

1. Faisnéis maidir leis an aonad áitiúil lena mbaineann na fostaithe sampláilte

1.1. Cineál rialaithe eacnamaíoch agus airgeadais an fhiontair lena mbaineann an t-aonad áitiúil (A14)

Déantar idirdhealú san athróg seo idir na catagóirí 'rialú poiblí' agus 'rialú príobháideach'. Tagraíonn an chéad chatagóir d'aon ghnóthas a bhféadfaidh na húdaráis phoiblí tionchar ceannasach a fheidhmiú air, go díreach nó go hindíreach, de bhua a n-úinéireachta air, a rannpháirtíochta airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é. Ba cheart a thiomhdiú go bhfuil tionchar (nó rialú) ceannasach ag na húdaráis phoiblí i gcás gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

- go sealbhaíonn siad, go díreach nó go hindíreach, an chuid is mó de chaipiteal suibscríofa an ghnóthais (> 50 %), nó
- go rialaíonn siad, go díreach nó go hindíreach, tromlach na vótaí a ghabhann le scaireanna arna n-eisiúint ag an ngnóthas nó go bhfuil sé de chumhacht acu níos mó ná leath de chomhaltáí chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais a cheapadh.

Sainmhínítear an dara catagóir ar aon dul leis sin. Is annamh a bhíonn úinéireacht chothrom phoiblí agus phríobháideach ('rialú comhroinnte' 50/50) sa chleachtas. Níor cheart, dá bhrí sin, cásanna den sórt sin a chódú ar leithligh agus, má tharlaíonn siad, ba cheart déileáil leo amháin is go bhfuil siad faoi 'rialú príobháideach'.

1.2. Comhaontú comhchoiteann pá (A15)

Soláthraítear leis an athróg seo faisnéis maidir leis na cineálacha comhaontuithe comhchoiteanna pá, i measc na gcomhaontuithe sin a liostaítear thíos lena gcumhdaítear níos mó ná 50 % de na fostaithe san aonad áitiúil:

- comhaontú ar an leibhéal náisiúnta, nó comhaontú idir-chónaidhmeach, lena gcumhdaítear fostaithe ó níos mó ná tionscal amháin, agus arna shíniú de ghnáth ag cónaidhm cheardchumainn amháin nó níos mó agus ag eagraíocht fostóirí náisiúnta amháin nó níos mó,
- comhaontú tionscail lena leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta do gach oibrí agus fostaí i dtionscal aonair nó in earnáil eacnamaíoch, nó d'fhormhór na n-oibrithe agus na bhfostaithe sin,
- comhaontú le haghaidh tionscail aonair i réigiún aonair,
- comhaontú fiontair nó fostóra aonair nach gcumhdaíonn ach na fostaithe sin a bhfuil an fostóir céanna acu, gan beann ar a méid. Ní fhéadfaidh an comhaontú ach aonaid áitiúla áirithe nó grúpaí fostaithe laistigh den fhiontar a chumhdach,
- comhaontú nach bhfuil feidhm aige ach amháin maidir leis na fostaithe in aon aonad áitiúil amháin,
- aon chineál eile comhaontaithe nach gcumhdaítear thuas,
- ní chumhdaíonn aon comhaontú pá comhchoiteann 50 % nó níos mó de na fostaithe san aonad áitiúil.

In ionad chineál an chomhaontaithe chomhchoitinn a iarraidh go díreach, féadfar a iarraidh ar an aonad cé na forálacha comhchoiteanna a chuirfear i bhfeidhm agus cén cineál comhaontaithe chomhchoitinn a chinnfear ar bhonn na bhfreagraí. Fiú más féidir feidhm a bheith ag roinnt catagóirí an tráth céanna, ní fhéadfaí ach ceann amháin de na catagóirí thuas a roghnú, is é sin, an ceann lena gcumhdaítear níos mó ná 50 % de na fostaithe san aonad áitiúil.

1.3. Líon iomlán na bhfostaithe san aonad áitiúil sa mhí thagartha (A16) (roghnach)

Léirítear leis an athróg seo líon daoine den líon iomlán fostaithe sa mhí thagartha (e.g. an 1 nó an 31 Deireadh Fómhair) agus cumhdaítear léi gach fostaí, lena n-áirítear printísigh, oiliúnaithe agus intéirínigh íoctha (maidir leis an gcoincheap 'fostaithe', féach 2.1.).

1.4. Cleamhnacht an aonaid áitiúil le grúpa fiontar (A17) (roghnach)

Léirítear leis an athróg seo cé acu a bhaineann nó nach mbaineann aonad áitiúil le grúpa fiontar. Is aonad staidrimh é an grúpa fiontar a shainmhínítear i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle ⁽¹⁾. Ba cheart an grúpa fiontar a mheas ar an leibhéal domhanda. I bhformhór na gcásanna, baineann an t-aonad áitiúil le fiontar nach bhfuil á rialú ag aon ghrúpa náisiúnta ná eachtrach. Má bhaineann aonaid áitiúla le grúpa fiontar, is iondúil go bhfuil eolas maith air sin. Treoirlíne phraiticiúil is féidir a thabhairt do fhreagróirí is ea an bhfuil cuntais an ghnóthais lena mbaineann comhdhlúite go hiomlán i gcuntais a ghrúpa gnóthas.

1.5. Earnáil institiúideach an ghnóthais (A18) (roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil idir 1 agus 9 bhfostaí acu)

Taifeadtar leis an athróg seo earnáil institiúideach an fhiontair, mar a shainmhínítear in CCE 2010, §2.31, nach bhfuil feidhm ach ag na hearnálacha seo a leanas maidir léi:

- S.11 Corparáidí neamhairgeadais
- S.12 Corparáidí airgeadais
- S.13 Rialtas ginearálta
- S.15 Institiúidí neamhbhrabúis a fhónann do theaghlaigh

1.6. Fachtóir ollardaithe le haghaidh an aonaid áitiúil (A51)

Is ionann fachtóir ollardaithe le haghaidh an aonaid áitiúil agus líon na n-aonad áitiúil sa daonra a léirítear le taifead aonaid áitiúil sa sampla. Úsáidtear é chun na hathrógacha maidir le haonaid áitiúla a eachtarshuí ón sampla chuig an daonra iomlán.

Baineann fachtóirí ollardaithe go sonrach le gach aonad áitiúil, ag brath ar ghnéithe amhail an ráta samplála, dearadh samplála, neamhfhreagairt, calabrú *a posteriori*, etc. Tá iomlán na bhfachtóirí ollardaithe uile, nuair a chuirtear sampla iomlán na n-aonad áitiúil san áireamh, cothrom leis an líon aonad áitiúil sa daonra.

2. Faisnéis maidir le saintréithe aonair gach fostaí sa sampla a bhaineann leis an mí thagartha

2.1. Fostaithe

Is ionann fostaithe agus gach duine gan beann ar náisiúntacht, cónaí nó an t-am atá caite ag an duine sin ag obair i mBallstát, a bhfuil caidreamh fostaíochta díreach aige nó aici le fostóir, arna bhunú le conradh foirmiúil nó le comhaontú neamhfhoirmiúil, agus a fhaigheann luach saothair, gan beann ar an gcineál oibre a dhéantar, ar líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear (lánaimseartha nó páirtaimseartha) nó ar fhad an chonartha nó an chomhaontaithe (seasta nó éiginnte, seasúrach san áireamh); is féidir pá agus tuarastail, lena n-áirítear bónais, pá as tascobair agus sealobair, liúntais, táillí, coimisiún agus luach saothair comhchineáil, a bheith i gceist le luach saothair fostaithe.

Le coincheap na bhfostaithe, cumhdaítear oibrithe láimhe agus oibrithe intleachta agus pearsanra bainistíochta san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.

⁽¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir leis na haonaid staidrimh chun breathnú ar an gcóras táirgeachta sa Chomhphobal agus chun anailís a dhéanamh air (IO L 76, 30.3.1993, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1993/696/oj>).

Tugtar samplaí léiritheacha sa liosta seo a leanas de chatagóirí fostaithe atá *san áireamh*:

- státseirbhísigh ⁽²⁾ (lena n-áirítear státseirbhísigh ó fhórsaí armtha ⁽³⁾),
- ionadaithe díolacháin, ar choinníoll go bhfuil siad ar an bpárolla agus go bhfaigheann siad cineál eile luacha saothair sa bhreis ar aon choimisiúin,
- dílseánaigh oibre íoctha,
- printísigh,
- oiliúnaithe agus intéirigh íoctha (cléirigh faoi oiliúint, altraí foghlama, cúntóirí taighde nó teagaisc, intéirigh ospidéal, etc.) a bhfuil gealltanais foirmiúil acu trína rannchuidíonn siad le próiseas táirgthe an aonaid ar luach saothair,
- oibrithe eastramhacha nó sealadacha (e.g. foireann rúnaíochta) arna n-earcú, arna bhfostú agus arna n-íoc ag gníomhaireachtaí fostaíochta chun obair a dhéanamh in áit eile, go minic ar feadh tréimhsí sealadacha,
- oibrithe séasúracha agus ócáideacha, má tá comhaontú foirmiúil nó neamhfhoirmiúil acu leis an bhfiontar nó leis an aonad áitiúil agus uaireanta oibre réamhshainithe,
- fostaithe ar tabhaíodh costais saothair ina leith, le haghaidh na hoibre a rinneadh le linn na bliana tagartha, ach nach raibh ag obair go sealadach mar gheall ar thinneas nó gortú, laethanta saoire, stailc nó frithdhúnadh, saoire oideachais nó oiliúna, saoire mháithreachais nó saoire do thuismitheoirí ⁽⁴⁾, gníomhaíocht eacnamaíoch laghdaithe, cúrsaí oibre a stopadh de dheasca drochaimsire, cliseadh meicniúil, easpa ábhar, breoslaí nó cumhachta, nó neamhláithreacht shealadach eile le saoire nó dá uireasa,
- daoine atá ag obair thar lear má leanann siad de luach saothair a fháil ón bhfostóir,
- eachtoibrithe ⁽⁵⁾, lena n-áirítear oibrithe baile agus teilea-oibrithe, má tá comhaontú sainráite ann go n-íoctar oibrithe den sórt sin, go páirteach ar a laghad, ar bhonn na hoibre a dhéantar: is é sin, an méid saothair (in uaireanta an chloig oibrithe iarbhrí) a ranníoctar mar ionchur i bpróiseas táirgthe áirithe [CCE 2010, §11.13(g)].

Ba cheart na catagóirí seo a leanas a eisiamh:

- ionadaithe díolacháin agus daoine eile a íoctar go hiomlán i bhfoirm táillí nó i bhfoirm choimisiúin, nach bhfuil ar an bpárolla, nó atá féinfhostaithe,
- úinéirí, stiúrtóirí nó bainisteoirí a bhfuil a luach saothair go hiomlán i bhfoirm scair brabúis,
- oibrithe teaghlaigh nach fostaithe (mar a mhínítear thuas) an fhiontair nó an aonaid áitiúil iad,

⁽²⁾ Áirítear sa chatagóir seo 'státseirbhísigh agus fostaithe rialtais eile a leagtar a dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta síos leis an dlí poiblí' [CCE 2010, §11.13(c)].

⁽³⁾ 'Is iad comhaltaí na bhfórsaí armtha an pearsanra sin atá ag fónamh faoi láthair sna fórsaí armtha, lena n-áirítear seirbhísí cúnta, cibé acu ar bhonn deonach nó éigeantach, agus nach bhfuil saoirse acu glacadh le fostaíocht shibhialtach agus atá faoi réir smacht míleata. Áirítear leis seo gnáthchomhaltaí den arm, den chabhlach, den aerfhórsa agus de sheirbhísí míleata eile, chomh maith le coinscríofaigh atá cláraithe le haghaidh oiliúint mhíleata nó seirbhís eile ar feadh tréimhse shonraithe' (Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Gairmeacha – ACIG-08).

⁽⁴⁾ Ba cheart fostaithe ar shaoire do thuismitheoirí a áireamh ar choinníoll gur íoc an fostóir uair an chloig ar a laghad leis an bhfostaí le linn na míosa tagartha. I gcás fostaithe a dtagann duine ina ionad nó ina hionad le linn a saoire do thuismitheoirí, ba cheart an méid seo a leanas a thaifeadadh:

- a) Gan ach fostaí amháin i líon na bhfostaithe, rud a sheachnaíonn comhaireamh dúbailte shealbhóir an phoist agus a ionadaí/a hionadaí;
- b) Tuilleamh do shealbhóir an phoist agus dá ionadaí/dá hionadaí araon, i gcaitheamh na tréimhse tagartha;
- c) An líon uaireanta an chloig a íocadh as an bpostsealbhóir agus as a ionadaí malartach nó a hionadaí malartach araon don mhí thagartha.

⁽⁵⁾ Is éard is eachtoibrí ann duine a chomhaontaíonn a bheith ag obair le haghaidh fiontar ar leith nó méid áirithe earraí nó seirbhísí a sholáthar d'fhiontar ar leith trí shocrú nó trí chonradh roimh ré leis an bhfiontar sin, ach nach bhfuil a áit oibre nó a háit oibre laistigh de.

- oibrithe féinchuntais,
- oibrithe a íoctar go heisiach ar rátaí tascoibre [CCE 2010, §4.07(e)] atá faoi cheangal ag Conradh *tráchtála* (seachas Conradh *fostaíochta* foirmiúil, neamhfhoirmiúil nó intuigthe),
- oibrithe deonacha gan phá (e.g. go hiondúil iad siúd a oibríonn d'institiúidí neamhbhrabúis amhail carthanais).

Is iad na fostaithe atá le cur san áireamh faoin topaic 'struchtúr tuillimh' na fostaithe sin a fuair luach saothair iarbhrí as bheith ag obair le linn na míosa tagartha. Ba cheart fostaithe nach bhfuair luach saothair den sórt sin a eisiamh.

2.2. Gnéas (B21)

Is éard is gnéas ann meascán de shaintréithe bitheolaíocha agus fiseolaíocha lena sainmhínítear cé acu an fear nó bean é an duine. I gcásanna nach eol gnéas bitheolaíoch duine, féadfar an fhaisnéis ó shonraí riaracháin nó ón ngnéas féindearbhaithe (sonraí suirbhé) a chur in ionad na faisnéise.

2.3. Bliain bhreithe (B22)

Taifeadtar leis an athróg seo bliain bhreithe an fhostaí a ndearnadh suirbhé air nó uirthi.

2.4. Gairm sa mhí tagartha (B23)

Taifeadtar leis an athróg seo an ghairm mar atá códaithe de réir an Aicmithe Chaighdeánaigh Idirnáisiúnta Gairmeacha (ACIG). Bailítear an fhaisnéis sin ar an leibhéal 3-dhigit ach amháin i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu (leibhéal 2 dhigit agus leibhéal 3-dhigit roghnach). Is iondúil gurb é an fhaisnéis bhunriachtanach chun an ghairm a chinneadh teideal poist an fhostaí agus tuairisc ar na príomhchúraimí a dhéantar le linn dó nó di a chuid dualgas nó a cuid dualgas a chomhlíonadh.

Déantar oiliúnaithe íoctha nó mic léinn a bhfuil Conradh fostaíochta acu agus printísigh a aicmiú sa ghairm ina ndéanann siad a bprintíseacht, a dtréimhse oiliúna nó a n-intéirneacht.

2.5. Post bainistíochta/maoirseachta (B24) (roghnach)

Léiríonn an athróg seo cé acu an bhfuil nó nach bhfuil feidhm bhainistíochta nó mhaoirseachta de chineál éigin ag fostaí. Ní hionann an focal 'bainistíocht' agus an focal 'maoirseacht' toisc nach ndéanann bainisteoirí áirithe maoirseacht ar fhostaithe eile. D'fhéadfadh post maoirseachta a bheith ann in aon cheann de ghrúpaí ACIG, lena n-áirítear i measc oibrithe láimhe.

Baineann feidhmeanna bainistíochta le beartais agus gníomhaíochtaí fiontar nó institiúidí a chinneadh, a fhoirmiú, a chur chun feidhme, a stiúradh nó comhairle a thabhairt ina leith. Is minic a bhíonn freagrachtaí maoirseachta san áireamh iontu.

Meastar go bhfuil post maoirseachta ag duine nuair a dhéanann sé nó sí maoirseacht ar obair duine amháin ar a laghad (seachas printísigh, oiliúnaithe íoctha nó intéirigh). De ghnáth, d'fhéadfadh teideal poist/sainchuntas poist mar 'saoiste' nó 'maoirseoir' a bheith ag duine den sórt sin mar aon le hainm na gairme.

2.6. Gnóthachtáil oideachais (B25)

Is é leibhéal gnóthachtála oideachais duine aonair an leibhéal is airde ISCED (Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas) atá curtha i gcrích go rathúil aige nó aici. Déantar cur i gcrích rathúil cláir oideachais a bhailíochtú le cáilíocht atá aitheanta go hoifigiúil ag na húdaráis náisiúnta oideachais ábhartha nó a aithnítear a bheith coibhéiseach le cáilíocht oideachais fhoirmiúil eile. I dtíortha nach n-eascaíonn cáilíocht as cláir oideachais, go háirithe iad siúd a bhaineann le leibhéal ISCED 1 agus 2, féadfar an critéar maidir le freastal iomlán ar an gclár agus rochtain ar leibhéal níos airde oideachais de ghnáth a úsáid ina ionad. Agus an leibhéal is airde á chinneadh, ba cheart oideachas ginearálta agus gairmoideachas araon a chur san áireamh.

2.7. *Fad seirbhíse san fhiontar (B26) (roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil idir 1 agus 9 bhfostaí acu)*

Ba cheart fad iomlán seirbhíse sa mhí tagartha a bheith bunaithe ar an líon blianta seirbhíse atá curtha isteach ag an duine. Is leor aon phointe ama le linn na míosa tagartha mar dháta cáilitheach (e.g. an 1 nó an 31 Deireadh Fómhair). Baineann fad iomlán seirbhíse leis an tréimhse ó chuaigh an fostaí isteach san fhiontar, a d'fhéadfadh gur in aonad áitiúil eile a tharla sé sin. I gcás inar cumascadh fiontair nó inar athraíodh úinéireacht, tá an fad seirbhíse le taifeadadh mar a dhéanann an gnóthas é a chomhaireamh.

Níor cheart ach blianta seirbhíse lánchríochnaithe a chomhaireamh. Mar shampla, ba cheart seirbhís iomlán 5 bliana agus 10 mí a thuairisciú mar 5 bliana.

Ba cheart tréimhsí gearra nuair nach bhfuil an duine ag obair atá níos giorra ná 12 mhí (e.g. ar shaoire mháithreachais nó bhreitheachta) a áireamh mar chuid den tseirbhís iomlán (ar a mhalairt de chás, ba cheart sosanna gairme is faide ná bliain amháin a bhaint).

2.8. *Am oibre conarthach (lánaimseartha nó páirtaimseartha) (B27)*

Is iad na fostaithe lánaimseartha na fostaithe sin a bhfuil a ngnáthuaireanta oibre mar an gcéanna leis na huaireanta a chomhaontaítear i dteannta a chéile nó leis na gnáthuaireanta a oibrítear san aonad áitiúil atá á bhreithniú, fiú más conradh níos lú ná bliain amháin atá i gceist.

Is éard is fostaithe páirtaimseartha ann na fostaithe sin a bhfuil a ngnáthuaireanta oibre níos lú ná na huaireanta oibre a chomhaontaítear i dteannta a chéile nó na gnáthuaireanta a oibrítear san aonad áitiúil, cibé acu go laethúil, go seachtainiúil nó go míosúil (leathlá, trí cheathrú ama, ceithre chúigiú ama, etc.).

D'fhéadfadh printísigh, oiliúnaithe íoctha agus intéirigh a bheith ina bhfostaithe lánaimseartha nó páirtaimseartha.

2.9. *Sciar de ghnáthuaireanta oibrí lánaimseartha (B271)*

I gcás fostaí lánaimseartha, is é 100 % an sciar sin i gcónaí. I gcás fostaí páirtaimseartha, ba cheart uaireanta an chloig a oibríodh go conarthach a shloinneadh mar chéatadán de líon na ngnáthuaireanta a d'oibrigh fostaí lánaimseartha san aonad áitiúil (i bpost atá coibhéiseach le post an fhostaí páirtaimseartha).

2.10. *Cineál conartha fostaíochta (B28)*

Iarrtar an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an gcineál conartha fostaíochta:

- tréimhse éiginnte/buan,
- conradh ar théarma seasta (seachas printísigh, lena n-áirítear oiliúnaithe agus intéirigh íoctha),
- printíseach.

Conradh tréimhse éiginnte/buan fostaíochta is ea conradh idir an fostaí agus an fostóir, conradh nár comhaontaíodh ré iarbhír an chonartha ina leith roimh ré agus lena ráthaítear íosmhéid uaireanta an chloig oibre.

Conradh ar théarma seasta atá i gceist le conradh fostaíochta más rud é go raibh sé beartaithe ag an bhfostóir agus ag an bhfostaí fad an chonartha a chinneadh le coinníollacha áirithe amhail sceideal ama cinnte chun an obair a chur i gcrích, cúram áirithe a chur i gcrích, nó fostaí eile a bheith ag filleadh ar an obair, ar fostaí é a bhí á ionadú ar feadh tréimhse faoi leith. Eisiatar printísigh, cuirtear oiliúnaithe íoctha agus intéirigh san áireamh.

Is fostaithe iad printísigh, oiliúnaithe íoctha agus intéirigh a dhéanann aon ghníomhaíocht chun earraí a tháirgeadh nó seirbhísí a sholáthar do dhaoine eile, chun taithí nó scileanna san ionad oibre a fháil i gceird nó i ngairm agus a íoctar as an obair a dhéanann siad. D'fhéadfadh taithí nó scileanna san áit oibre tarlú trí shocruithe traidisiúnta, foirmiúla nó neamhfhoirmiúla cibé acu a eisítear cáilíocht nó deimhniú sonrathach nó nach n-eisítear. De ghnáth, íoctar iad ar ráta laghdaithe i gcomparáid le hoibrithe lánchálaithe. Eisiatar leo oibrithe ar fíor an méid seo a leanas ina leith: (a) atá ag dul faoi thréimhsí promhaidh a bhaineann leis an tréimhse tosaigh sa phost; (b) atá ag tabhairt faoi oiliúint ghinearálta ar an láthair oibre nó faoi fhoghlaim ar feadh an tsaoil le linn fostaíochta.

Ina theannta sin, ba cheart do phrintísigh na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) A bheith páirteach i gclár oideachais fhoirmiúil atá níos giorra ná 6 bliana.
- (b) Conradh printíseachta a mhaireann níos mó ná 6 mhí a bheith acu, ar printíseacht í a mbíonn sealanna d'oilúint phraiticiúil san ionad oibre chomh maith le sealanna ina mbíonn an phrintíseach ag gabháil d'oideachas teoiriciúil in institiúid oideachais ag baint léi agus a bhfaigheann sé nó sí cáilíocht fhoirmiúil mar thoradh uirthi.

2.11. Saoránacht agus cónaí (B29) (roghnach)

Sainmhínítear tír phríomhshaoránacht an duine mar an nasc dlíthiúil ar leith idir duine aonair agus a Stát, a fuarthas de bharr breithe nó eadóirseachta, cibé acu trí dhearbhu, trí rogha, trí phósadh nó trí mhodhanna eile de réir na reachtaíochta náisiúnta. I gcás duine ag a bhfuil dhá shaoránacht nó níos mó, ba cheart tír shaoránachta amháin a shannadh dó nó di, agus a chinnfear san ord tosaíochta seo a leanas: (1) tír thuairiscithe, (2) mura bhfuil saoránacht na tíre tuairiscithe ag an duine: Ballstát eile, (3) mura bhfuil saoránacht Ballstáit ag an duine: tír eile lasmuigh den Aontas.

Ba cheart ceann amháin díobh seo a leanas a roghnú:

- cónaitheoir ag a bhfuil saoránacht náisiúnta,
- cónaitheoir ag a bhfuil saoránacht eachtrach,
- neamhchónaitheoir (comaitéir ó thír eile) ag a bhfuil saoránacht náisiúnta,
- neamhchónaitheoir (comaitéir ó thír eile) ag a bhfuil saoránacht eachtrach.

3. Faisnéis maidir le tréimhsí oibre maidir le gach fostaí sa sampla

3.1. An líon seachtainí sa bhliain tagartha lena mbaineann an t-olltuilleamh bliantúil (B31)

Tagraíonn an athróg seo d'am oibre an fhostaí a íocadh le linn na bliana agus ba cheart go gcomhfhreagródh sí don olltuilleamh bliantúil iarbhir (athróg B41). Úsáidtear é chun olltuilleamh bliantúil iarbhir agus bónaís agus líuntais bhliantúla a ollardú i gcás inar oibrigh an fostaí ar feadh níos lú ná bliain iomlán, i.e. níos lú ná 52,14 seachtain.

Ba cheart caitheamh le fostaíthe páirtaimseartha mar fhostaithe lánaimseartha, gan beann ar na huairanta a oibríodh. Ba cheart '52,14' a thairgeadh má íocadh oibrí páirtaimseartha le bliain iomlán agus, e.g. '26,07' má íocadh é/í ar feadh 6 mhí.

3.2. Líon uaireanta an chloig a íocadh le linn na míosa tagartha (B32)

Níor cheart gurb ionann líon iomlán uaireanta an chloig a d'íoc an fhostóir le linn na míosa tagartha agus líon uaireanta an chloig i ghnáthmhí oibre.

Áirítear leis na huairanta iarbhir a íoctar na gnáthuaireanta agus na huairanta ragoibre uile a d'oibrigh an fostaí agus a d'íoc an fhostóir le linn na míosa. Ba cheart uaireanta an chloig nár oibríodh ach a íoctar mar sin féin a áireamh mar 'uaireanta íoctha' (e.g. le haghaidh saoire bhliantúil, laethanta saoire poiblí, saoire bhreitheachta íoctha, gairmoiliúint íoctha, saoire speisialta le pá, uaireanta an chloig eile íoctha, lena n-áirítear am saor le haghaidh scrúduithe leighis, breitheanna, bainistí, sochraidí, aistriú tí). I gcás fostaíthe a íoctar ar ráta laethúil, ba cheart na huairanta a íoctar a ríomh mar mheánlíon na n-uaireanta a íoctar in aghaidh an lae a oibríodh arna iolrú faoi líon na laethanta oibre sa mhí tagartha.

I gcás fostaíthe a íoctar ar ráta seachtainiúil, ba cheart uaireanta an chloig a íoctar a ríomh mar mheánlíon na n-uaireanta a íoctar in aghaidh na seachtaine a oibríodh arna iolrú faoi $31/7 = 4,43$, líon na seachtainí sa mhí tagartha. Is féidir ríomh comhchosúil a dhéanamh i gcás fostaíthe a íoctar ar ráta désheachtainiúil (agus 2,21 mar fhachtóir iolraitheach).

I gcás fostaíthe a íoctar ar ráta míosúil, ba cheart na huairanta a íoctar a bheith bunaithe ar na huairanta conarthacha a íoctar le haghaidh mí chaighdeánach, mar aon le huairanta an chloig ragoibre a íocadh le linn na míosa tagartha.

Ba cheart athróg B32 a bheith comhsheasmhach leis an olltuilleamh don mhí thagartha (athróg B42). Tugann sé sin le tuiscint nach n-áirítear uaireanta an chloig a íocann an fhostóir ar ráta laghdaithe le haghaidh tréimhsí neamhláithreachta, in athróg B32 ná in athróg B42. Thairis sin, má dhéanann neamhláithreachta neamhíoctha difear d'uaireanta íoctha an fhostaí, ba cheart iad a choigeartú chun uaireanta an chloig a íocadh a fháil le haghaidh mí iomlán agus úsáid á baint as an bhfachtóir ceartúcháin céanna agus atá i gcás athróg B42.

3.3. *An líon uaireanta ragoibre a íocadh sa mhí tagartha (B321) (roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil idir 1 agus 9 bhfostaí acu)*

Áirítear le huaireanta an chloig ragoibre na huaireanta an chloig sin a oibríodh sa bhreis ar uaireanta an chloig oibre gnáthmhíosa agus a íoctar ar ráta níos airde ná gnáthuaireanta oibre. Más rud é, mar shampla, go n-íoctar ceithre uair an chloig ag ráta 1,5 oiread an ghnáthráta, ba cheart 4 uair an chloig a thaifeadadh seachas 6 uair an chloig. Ní mheastar gur ragobair am saor in ionad tréimhsí oibre gan íocaíocht agus am taistil.

Ba cheart athróg B321 a bheith comhsheasmhach le tuilleamh ragoibre sa mhí tagartha (athróg B421). Dá bhrí sin, níor cheart ach na huaireanta ragoibre sin a chomhfhreagraíonn do phá ragoibre a chláraítear in B321 a áireamh.

Thairis sin, má dhéanann neamhláithreacht neamhíochta difear d'uaireanta íochta an fhostaí, ba cheart iad a choigeartú chun uaireanta an chloig íochta a fháil le haghaidh mí iomlán agus úsáid á baint as an bhfachtóir ceartúcháin céanna agus atá i gcás athróg B421.

3.4. *An líon laethanta saoire bliantúla in aghaidh na bliana (B33) (roghnach)*

Tagraíonn sé seo don líon iomlán laethanta saoire bliantúla le pá, gan saoire bhreiteachta ná laethanta saoire poiblí a áireamh, arna sloinneadh i laethanta. Baineann sé le hiomlán bliantúil na ngnáthlaethanta saoire íochta uile, lena n-áirítear na laethanta sin a dheonaítear don fhostaí ar fhorais aoise, dualgais speisialta a chomhlíonadh, sinsearachta, etc.

Aithnítear nach bhfuil go leor fostóirí in ann an líon laethanta saoire a ghlac an fostaí le linn na bliana a lua. Ar an gcúis sin, tagraíonn athróg B33 do theidlíocht saoire bliantúla, a fheidhmíonn mar athróg ionadach le haghaidh laethanta saoire bliantúla a ghlactar iarbhrí.

Ní mheastar gur laethanta saoire iad na nithe seo a leanas:

- saoire bhreiteachta,
- saoire oiliúna,
- saoire speisialta le pá a cheadaítear ar chúiseanna pearsanta,
- am saor breise a cheadaítear faoi chomhaontuithe maidir le laghdú ama oibre.

Chun críoch comparáide, is ionann gach seachtain saoire agus 5 lá. Níor cheart an Satharn ná an Domhnach a áireamh. Mar shampla, má bhíonn fostaí lánaimseartha i dteideal saoire bhliantúil 5 seachtaine de ghnáth, is ionann sin agus 25 lá.

I gcodarsnacht leis sin, is ionann teidlíocht saoire 5 seachtaine le haghaidh oibrí páirtaimseartha a oibríonn 60 % de ghnáthuaireanta oibrí lánaimseartha (athróg B271) agus teidlíocht ar 15 lá saoire 'iomlána'.

3.5. *An líon laethanta neamhláithreachta íochta eile in aghaidh na bliana (B34) (roghnach)*

Arís eile, sloinntear an athróg sin i laethanta. Áirítear léi, mar shampla:

- An líon iomlán laethanta saoire breiteachta íochta a tógadh iarbhrí le linn na bliana,
- saoire speisialta le pá a deonaíodh ar chúiseanna pearsanta,
- laethanta saoire poiblí

Ní áirítear leis laethanta íochta a gcaitear leo mar laethanta atá coibhéiseach le laethanta a oibríodh iarbhrí, amhail laethanta bliantúla íochta a chaitheann an fostaí ar ghairmoiliúint.

4. **Faisnéis maidir le tuilleamh gach fostaí sa sampla**

Is iad na fostaithe a bheidh le háireamh sna hathróa uile seo a leanas maidir le tuilleamh bliantúil, míosúil agus in aghaidh na huaire na fostaithe sin a fuair luach saothair iarbhrí as obair le linn na míosa tagartha. Ba cheart fostaithe nach bhfuair luach saothair sa mhí tagartha a eisiáimh.

Thairis sin, má bhíonn tionchar ag neamhláithreacht gan phá (mar gheall ar shaoire bhreiteachta, mháithreachais nó saoire staidéir, etc.) ar olltuilleamh an fhostaí sa mhí tagartha (athróg B42) agus nach féidir é a choigeartú go hiomchuí chun meastachán sásúil ar thuilleamh an fhostaí le haghaidh mí iomlán a sholáthar, ba cheart an fostaí sin a eisiáimh freisin.

Ba cheart baint dhocht a bheith ag na fachtóirí ollardaithe le haghaidh na bhfostaithe (athróg B52) leis na fostaithe sampláilte sin ar féidir meastacháin fhónta ar olltuilleamh míosúil a sholáthar ina leith. Ba cheart na fostaithe eile a eisiámh ón sampla agus ba cheart na fachtóirí ollardaithe a cheartú dá réir.

Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara nár cheart aon cheann de na hathrógacha a shainítear thíos a choigeartú de réir an fhéilire.

4.1. Olltuilleamh bliantúil sa bhliain tagartha (B41)

Cumhdaíonn olltuilleamh bliantúil luach saothair in airgead tirim agus luach saothair comhchineáil is iníoctha ag an bhfostóir leis an bhfostaí i gcomaoin na hoibre a rinneadh le linn na bliana tagartha roimh aon asbhaint chánach agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag oibrithe tuarastail agus a choinníonn an fostóir.

Eisiatar leo na méideanna arna n-íoc ag an bhfostóir agus arna n-aisíoc ina n-iomláine leis an slándáil shóisialta, cuir i gcás.

Is é an phríomhdhifríocht idir tuilleamh bliantúil agus tuilleamh míosúil nach ionann tuilleamh bliantúil agus suim an luacha saothair dhírigh, na mbónas agus na liúntas a íoctar le fostaí ag gach tréimhse phá. Dá bhrí sin, is iondúil go sáraíonn tuilleamh bliantúil an figiúr a fhaightear tríd an 'pacáiste caighdeánach míosúil' a iolrú faoi 12.

Áirítear sa 'phacáiste míosúil caighdeánach' na bónais agus na liúntais sin a íoctar i ngach tréimhse phá, fiú má athraíonn méid na mbónas agus na liúntas 'thráthrialta' sin, ach eisiatar bónais agus liúntais nach bhfabhraíonn i ngach tréimhse phá. Thairis sin, fágfar íocaíochtaí comhchineáil as an áireamh i gcás tuilleamh míosúil. Cumhdaítear le tuilleamh bliantúil freisin, áfach, na 'íocaíochtaí neamhchaighdeánacha' uile, i.e. íocaíochtaí nach dtarlaíonn i ngach tréimhse phá (athróg B411), agus íocaíochtaí comhchineáil (athróg B412).

Ba cheart sonraí i ndáil le hathróg B41 a sholáthar maidir leis na fostaithe uile ar féidir olltuilleamh míosúil (athróg B42) a sholáthar dóibh, i.e. níor cheart athróg B41 a sholáthar maidir le fostaithe nach bhfuil meastachán ar olltuilleamh míosúil fostaí indéanta ina leith. Ba cheart na fostaithe sin a eisiámh ón sampla agus na hualaí a choigeartú dá réir.

Is cuma mura mbaineann tuilleamh an fhostaí le bliain iomlán i gcónaí. Beidh tréimhsí neamhláithreachta gan phá ag roinnt fostaithe, nó beidh siad tar éis dul isteach san fhiontar nó imithe as le linn na bliana. Tá gá leis an olltuilleamh iarbhrí sa bhliain tagartha. I gcás inar lú athróg B31 (an líon seachtainí lena mbaineann an t-olltuilleamh bliantúil) ná 52.14 seachtain, ba cheart athróg B31 a úsáid chun athróg B41 agus a comhpháirteanna a ollardú.

4.2. Bónais agus liúntais bhliantúla nach n-íoctar ag gach tréimhse phá (B411) (roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu)

Cumhdaítear leis an athróg seo gach mír (luach saothair díreach, bónais agus liúntais) nach dtarlaíonn i ngach tréimhse phá, amhail:

- Pá 13^ú nó 14^ú mí, bónais Nollag agus Athbhliana [CCE 2010, §4.03(d)],
- bónais saoire,
- bónais chuideachta ráithiúla nó bhliantúla,
- bónais táirgiúlachta de réir spriocanna réamhshocraithe, dámhachtainí aitheantais fostaithe, dreasachtaí earcaíochta,
- bónais fágála nó scoir, i gcás nach bhfuil na híocaíochtaí sin nasctha le comhaontú comhchoiteann ná nach gceanglaítear iad le dlí [CCE 2010, §4.03(i)],
- riaráistí siardhátaithe.

4.3. Íocaíochtaí bliantúla comhchineáil (B412) (roghnach)

Tagraíonn an athróg seo do mheastachán ar luach na n-earraí agus na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil d'fhostaithe tríd an bhfostóir le linn na bliana tagartha, saor in aisce nó ar phraghas laghdaithe. Áirítear táirgí cuideachta, tithíocht foirne, gluaisteáin chuideachta, scair-roghanna agus scéimeanna ceannaigh scaireanna. Má tá faisnéis ar fáil ó chánachas ioncaim phearsanta ar phá comhchineáil agus tuarastail chomhchineáil, féadfar é sin a úsáid mar athróg ionadach.

I gcás ina bhfuil tréimhse níos lú ná 52,14 seachtain i gceist le hathróg B31, níor cheart athróg B412 a choigeartú.

4.4. *Olltuilleamh sa mhí tagartha (B42)*

Cumhdaítear leis an athróg seo luach saothair in airgead tirim a íoctar le linn na míosa tagartha roimh aon asbhaint chánach agus ranníocaíocht slándála sóisialta is iníochta ag oibrithe tuarastail agus a choinníonn an fostóir. Ba cheart athróg B42 a bheith comhsheasmhach le líon uaireanta an chloig a íocadh le linn na míosa tagartha (athróg B32).

Tá na heilimintí seo a leanas san áireamh:

- na híocaíochtaí uile a bhaineann leis an tréimhse sin (fiú má íoctar iad lasmuigh den mhí ionadaíoch), lena n-áirítear aon phá ragoibre, bónas seala, bónas, coimisiún, etc.,
- íocaíochtaí i leith ragoibre, liúntais i leith obair bhuíne, obair oíche, obair deireadh seachtaine, coimisiúin, etc.,
- bónaís agus liúntais a íoctar go tráthrialta i ngach tréimhse phá, fiú má athraíonn an méid go míosúil,
- íocaíochtaí le haghaidh tréimhsí neamhláithreachta agus stoptha oibre arna n-íoc go hiomlán ag an bhfostóir,
- liúntais teaghlaigh agus aiscí eile in airgead tirim arna socrú le comhaontuithe comhchoiteanna nó a chomhaontaítear go deonach,
- íocaíochtaí le scéim coigiltis fostaithe.

Cuirtear na nithe seo a leanas as an áireamh:

- íocaíochtaí a íocadh sa tréimhse sin ach a bhaineann le tréimhsí eile, amhail riaráistí, réamhíocaíochtaí nó pá le haghaidh neamhláithreachtaí saoire nó breoiteachta lasmuigh den tréimhse sin,
- bónaís agus aiscí tréimhsiúla nach n-íoctar go tráthrialta ar gach dáta pá,
- íocaíochtaí le haghaidh tréimhsí neamhláithreachta arna n-íoc ag an bhfostóir de réir ráta laghdaithe,
- liúntais teaghlaigh reachtúla,
- liúntais le haghaidh éadaí nó uirlisí oibre,
- aisíocaíochtaí nó íocaíochtaí le haghaidh taistil, cothaithe, etc., agus caiteachais a thabhaítear le linn gnó an fhostóra a dhéanamh,
- íocaíochtaí comhchineáil.

I gcás ina ndéanann neamhláithreacht neamhíochta difear d'olltuilleamh míosúil an fhostaí (mar gheall ar shaoire bhreoiteachta, mháithreachais nó staidéir, etc., nó díreach toisc gur tháinig an fostaí isteach san fhiontar nó gur fhág sé an fiontar le linn na míosa tagartha), ba cheart iad a choigeartú go cuí chun meastachán a sholáthar ar thuilleamh an fhostaí ar feadh mí iomlán. Más eol, mar shampla, go raibh 20 % den mhí tagartha ina neamhláithreacht gan phá, ba cheart an t-olltuilleamh míosúil a íocadh iarbhair (ag ráta iomlán) le haghaidh na tréimhse láithreachta a iolrú faoin bhfachtóir ceartúcháin $1,25 [100/(100-20)]$.

I gcás nach bhfuil sé indéanta olltuilleamh míosúil an fhostaí a choigeartú ionas go gcomhfhreagraíonn an figiúr measta do thuilleamh míosa iomláine, ba cheart an fostaí a eisiamh ón sampla.

4.5. *Tuilleamh a bhaineann le ragobair (B421) (roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu)*

An méid tuillimh ragoibre a íoctar ar uaireanta ragoibre. Ba cheart an ráta iomlán a chomhaireamh, ní hamháin an ghné bhónais a chuirtear leis an ngnáthráta in aghaidh na huaire. Ba cheart athróg B421 a bheith comhsheasmhach le hathróg B321 (líon uaireanta an chloig ragoibre a íocadh sa mhí tagartha).

4.6. *Íocaíochtaí speisialta as sealobair (B422) (roghnach i gcás aonaid áitiúla a bhaineann le fiontair a bhfuil 1 go 9 bhfostaí acu)*

Baineann sé sin leis na híocaíochtaí bónaís speisialta as sealobair, as obair oíche nó as obair deireadh seachtaine i gcás nach gcaitear leis na cineálacha oibre sin mar ragobair. Is é an méid atá le háireamh ná an ghné bhónais nó an íocaíocht fhorlíontach, seachas an íocaíocht iomlán as sealobair den sórt sin.

4.7. *Ranníocaíochtaí slándála sóisialta éigeantacha agus cánacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí (B423) (roghnach)*

Tagraíonn an athróg seo do mhéid iomlán na ranníocaíochtaí sóisialta éigeantacha agus na gcánacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí le húdaráis rialtais le linn na míosa tagartha. Iarrtar an fhaisnéis sin chun glantuilleamh míosúil a fháil amach maidir le gach fostaí.

Má dhéanann neamhláithreacht gan phá difear do thuilleamh míosúil an fhostaí, ba cheart athróg B423 (in éineacht lena fo-chomhpháirteanna B4231 agus B4232) a choigeartú chun na hasbhaintí measta a fháil amach le haghaidh mí iomlán.

4.8. *Ranníocaíochtaí slándála sóisialta éigeantacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí (B4231) (roghnach)*

Tagraíonn sé seo do mhéid ranníocaíochtaí slándála sóisialta an fhostaí a leagtar síos le dlí nó le comhaontuithe comhchoiteanna agus a choinníonn an fostóir siar.

4.9. *Cánacha arna n-íoc ag an bhfostóir thar ceann an fhostaí (B4232) (roghnach)*

Tagraíonn sé seo do mhéid na gcánacha uile ar thuilleamh an fhostaí a choinníonn an fostóir siar le haghaidh na míosa tagartha agus a d'íoc an fostóir leis na húdaráis chánach thar ceann an fhostaí.

4.10. *Meán-olltuilleamh in aghaidh na huaire sa mhí tagartha (B43)*

Is é an figiúr a éilítear an meán-olltuilleamh in aghaidh na huaire a íoctar leis an bhfostaí sa mhí tagartha. Ba cheart an figiúr sin a bheith comhsheasmhach leis an meán-olltuilleamh in aghaidh na huaire a dhíorthaítear ó olltuilleamh le haghaidh na míosa tagartha (athróg B42) arna roinnt ar an líon uaireanta an chloig a íocadh le linn na tréimhse céanna (athróg B32).

4.11. *Fachtóir ollardaithe le haghaidh fostaithe (B52)*

Is ionann an fachtóir ollardaithe le haghaidh fostaithe agus an líon fostaithe sa daonra a léirítear le taifead áirithe fostaithe. Úsáidtear é chun na hathróga maidir le fostaithe a eachtarshuí ón sampla chuig an daonra iomlán. Baineann fachtóirí ollardaithe go sonrach le gach fostaí, de réir gnéithe amhail an ráta samplála, dearadh samplála, neamhfhreagairt, calabrá *a posteriori*, etc. Tá iomlán na bhfachtóirí ollardaithe uile, nuair a chuirtear sampla iomlán na bhfostaithe san áireamh, cothrom leis an líon fostaithe sa daonra.

*IARSCRÍBHINN II***Spriocanna beachtais**

- (1) Beidh sé d'aidhm ag na Ballstáit an chomhéifeacht athrúcháin a choinneáil faoi bhun 1 %, don mheántuilleamh in aghaidh na huaire arna thomhas do gach fostaí (páirtaimseartha agus lánaimseartha), atá ag obair in aonad áitiúil cónaitheach ina bhfuil fostaí amháin nó níos mó a bhaineann le hiomlán na ranna NACE ar fad i raon feidhme na topaice 'struchtúr tuillimh' mar a shainmhínítear in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2025/941.
- (2) Beidh sé d'aidhm ag na Ballstáit an chomhéifeacht athrúcháin a choinneáil faoi bhun 10 %, don mheántuilleamh in aghaidh na huaire arna thomhas do gach fostaí (páirtaimseartha agus lánaimseartha), atá ag obair in aonad áitiúil cónaitheach ina bhfuil fostaí amháin nó níos mó, le haghaidh gach roinn NACE laistigh de raon feidhme na topaice 'struchtúr tuillimh' mar a shainmhínítear in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2025/941, seachas na fostaithe sin arb ionann a dtuilleamh agus níos lú ná 1 % den tuilleamh míosúil iomlán a thaifeadtar sa bhliain tagartha.